C/2024/5141

16.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11659 – BNPP CARDIF / NEUFLIZE VIE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5141)

1. An 7 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BNP Paribas Cardif S.A. ('BNPP Cardif', an Fhrainc), atá faoi rialú BNP Paribas S.A,

— Neuflize Vie S.A ('Neuflize Vie' nó 'Target', an Fhrainc), faoi rialú comhpháirteach ABN Amro Bank N.V. agus AXA Group.

Gheobhaidh BNPP Cardif rialú aonair ar Neuflize Vie ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— déanann BNPP Cardif tairiscintí coigiltis agus cosanta a dhearadh, a fhorbairt agus a mhargú chun daoine, a dtionscadail agus a sócmhainní a chur faoi árachas,

— tá Neuflize Vie ina chuideachta ionchorpraithe faoi dhlí na Fraince, agus tá sé faoi rialú comhpháirteach ABN Amro Bank N.V. agus AXA Group faoi láthair. Tá Neuflize Vie gníomhach i soláthar táirgí árachais saoil sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11659 - BNPP CARDIF / NEUFLIZE VIE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË